Bord Oideachais & Oiliúna
**LUIMNIGH & AN CHLÁIR**

**LIMERICK & CLARE**
Education & Training Board

An t-Údarás Oideachais agus Oiliúna
Stáit do Réigiún Luimnigh agus an Chláir

# Ráiteas Straitéise 2022-2026



# Ár bhFís

Tá príomhról ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i soláthar riachtanas maidir le scileanna fiontair, oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán. Bainimid amach an méid sin trí chonairí comhbhácha, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus cuimsitheacha a sholáthar dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí uile, lena léirítear riachtanais éagsúla ár bpobail.





# Clár na nÁbhar


**Ár bhFís** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 2

**01 Réamhrá ón gCathaoirleach** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 4

**Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

**02 Achoimre Fheidhmeach** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 8

**03 Comhthéacs Náisiúnta agus Eorpach** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 10

**04 Modheolaíocht um Fhorbairt Straitéise** . . . . . . . . . . . . . . . . . 12

**05 Próifíl ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir** . . . 14

**06 Spriocanna Tosaíochta 2022 – 2026**

**Sprioc Straitéiseach 1** Eispéiris Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 23

**Sprioc Straitéiseach 2** Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta . . . 24

**Sprioc Straitéiseach 3** Dea-rialachas . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25

**Sprioc Straitéiseach 4** Comhpháirtíochtaí . . . . . . . . . . . . . . . . . 26

**07 Cur i bhfeidhm, Acmhainní a chur ar fáil agus Monatóireacht** . . . . . . 27

Aguisín 1 - Comhaltacht an Bhoird . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 29

Aguisín 2 - Soláthar agus Seirbhísí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 30

Gluais Giorrúchán . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 32

# 01 Réamhrá ón gCathaoirleach



Is cúis áthais dom an Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 seo do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chur in bhur láthair.

Ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leis an Ráiteas Straitéise seo ag an gcruinniú Boird a tionóladh an 16 Samhain 2021. Tá an Ráiteas Straitéise seo cuimsitheach agus fadbhreathnaitheach, agus leagtar amach ann an fhís agus na pleananna dár réigiún sna chéad chúig bliana eile amach romhainn.

Is treochlár é an Ráiteas Straitéise seo d'fhorbairt ár n-eagraíochta agus ár seirbhísí chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna ár mac léinn/foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair. Tá an straitéis seo ar an bhfód le linn athruithe móra sa saol, go háirithe le linn na paindéime domhanda atá ar siúl faoi láthair. Creidim go láidir go gcuirfidh an straitéis fhorásach nuálach seo ar ár gcumas eispéiris teagaisc agus foghlama ar an gcaighdeán is airde a chinntiú inár scoileanna, campais agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile, agus go dtabharfaidh sé de chumhacht dúinn aghaidh a thabhairt ar aon dúshlán sna cúig bliana amach romhainn.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann BOO, na mic léinn, na foghlaimeoirí, na tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara luachmhara eile as an gcion atá déanta acu ar mhaithe leis an Ráiteas Straitéise seo.

Guím gach rath ar ár bhfoireann agus ar ár bpáirtithe leasmhara agus muid ag leanúint d'obair le chéile chun beatha mhuintir an réigiúin a chumhachtú trí oideachas agus oiliúint.

An Clr Kieran O'Hanlon

*Cathaoirleach*
*Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir*



# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



I Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026, tugtar le fios conas a chomhlíonfaimid riachtanais oideachais agus oiliúna phobail Luimnigh agus an Chláir sna chéad chúig bliana amach romhainn agus féachtar ann le leanúnachas a chinntiú leis an Ráiteas Straitéise a bhí againn roimhe seo lenar clúdaíodh an tréimhse 2017 – 2021. Le cúig bliana anuas, léirigh an BOO a chumas, a sholúbthacht agus a fhreagrúlacht chun an leibhéal is airde seirbhíse poiblí a sholáthar, fiú d'ainneoin na paindéime domhanda. Leanfaidh foireann dhíograiseach thiomanta BOO de chur leis an méid atá foghlamtha, agus an taithí a gheofar, úsáidfear í chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh amach anseo, a mbeidh de chumas acu freagairt do dhúshláin nua agus glacadh le cuir chuige nua. Cuireann an Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 seo lenár n-éachtaí agus lenár láidreachtaí, agus leagtar amach ann ár bhfís, misean, luachanna agus spriocanna, atá mar bhunús leis an bplean cúig bliana seo.

Bunchloch d'fhorbairt an Ráitis Straitéise seo ba ea cur chuige comhoibríoch comhpháirtíochta lenar bhain próiseas fairsing comhairliúcháin trasearnála, arna bhainistiú go cianda. Is mian liom aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht ardchaighdeáin ár bpáirtithe leasmhara le linn na céime forbartha seo den phróiseas. Léirítear sa phróiseas, ar tugadh faoi le linn paindéim dhomhanda, deiseanna agus dúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus chultúrtha nua nach bhfacthas roimhe seo, agus is léiriú é freisin ar thosaíochtaí náisiúnta mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Beidh ár ról ríthábhachtach maidir le pobail, luchtanna saothair agus geilleagair a atógáil de réir mar a thiocfaimid as an bpaindéim seo.

Cuirtear creat ar fáil dúinn leis an Straitéis chun leanúint den obair le páirtithe leasmhara agus ag an am céanna chun a chinntiú go dtabharfaimid tús áite dá riachtanais, agus soláthraítear léi torthaí intomhaiste a bhfuilimid freagrach astu agus cuntasach ina leith. Rannpháirtíocht shuntasach na foirne le linn fhorbairt na Straitéise, cheadaigh sin dúinn an deis a thapú chun ár ról a fhéinmheasúnú agus a anailísiú.

Leagtar amach sa Straitéis seo ár ngealltanas lena gcinnteofar go gcuirfimid an caighdeán seirbhíse is airde is féidir ar fáil dár gcomhpháirtithe agus go soláthróimid conairí dár gcláir oideachais agus oiliúna, dár n-obair don óige agus do chomhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla le linn na tréimhse 2022 – 2026. Na ceithre sprioc straitéiseacha ardleibhéil a shainaithin na páirtithe leasmhara a raibh baint acu le Ráiteas Straitéise 2017 – 2021, tá siad ina mbunús leis an Straitéis seo freisin, mar gur mhol ár bpáirtithe leasmhara reatha go raibh siad ábhartha agus cothrom le dáta.



Is iad na spriocanna sin ná eispéiris ardchaighdeáin a sholáthar do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí; tacaíocht foirne agus forbairt eagraíochta a sholáthar; dea-rialachas a sholáthar agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt, a fhreagróidh do riachtanais athraitheacha oideachais agus oiliúna an réigiúin. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, beidh príomhghníomhartha ag teastáil maidir lenár Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, Seirbhísí Oibre don Óige, agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Táim muiníneach go mbainfimid ár spriocanna amach trí leas a bhaint as ár dtaithí agus ár láidreachtaí maidir le hathruithe a bhainistiú, trí muid féin a chur in oiriúint don timpeallacht, trínár gcumas a bheith gasta agus solúbtha agus muid ag tabhairt aghaidh ar dheacrachtaí, agus trínár ndíograis maidir le cur chuige ardchaighdeáin nuálach a chur i bhfeidhm i gcónaí i leith an teagaisc agus na foghlama agus i leith rialachas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

Is le gnóthú na dtorthaí a dtugtar achoimre sa straitéis seo orthu a chuirfear fís chomhroinnte chun cinn agus a threorófar ár Rannáin Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, Scoileanna, agus Breisoideachais agus Oiliúna i gcaitheamh na gcéad chúig bliana eile, agus pleananna seirbhíse bliantúla á bhforbairt againn.

Beidh tiomantas agus comhoibriú de dhíth i measc ár bpáirtithe leasmhara uile chun na torthaí a dtugtar achoimre orthu sa straitéis seo a ghnóthú, lena n-áirítear foireann BOO, mic léinn/foghlaimeoirí, bainisteoirí, riarthóirí, boird bhainistíochta agus ár bpríomhpháirtithe uile.

Táim muiníneach go n-éireoidh linn an Ráiteas Straitéise seo a bhaint amach.

George O'Callaghan

*Príomhfheidhmeannach*
*Bord Oideachais agus*
*Oiliúna Luimnigh agus an Chláir*



# 02 Achoimre Fheidhmeach

## Ráiteas Físe

Tá príomhról ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i soláthar riachtanas maidir le scileanna fiontair, oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán. Bainimid amach an méid sin trí chonairí comhbhácha, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus cuimsitheacha a sholáthar dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí uile, lena léirítear riachtanais éagsúla ár bpobail.

## Ráiteas Misin

Soláthraíonn agus éascaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir seachadadh oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán i dtimpeallacht chomhbhách, chuimsitheach, thacúil agus shábháilte. Cothaímid conairí foghlama éifeachtacha, nuálacha, solúbtha do chách, agus cuirimid comhpháirtíochtaí chun cinn lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus scileanna athraitheacha na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí sa réigiún.

## Spriocanna Tosaíochta

Leagtar amach ceithre sprioc tosaíochta i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026, a bheidh le baint amach le linn shaolré cúig bliana na straitéise:



**Sprioc 1**

### Eispéiris Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí

Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim fadsaoil mar chonair trínar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal. Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama agus teagaisc ar an gcaighdeán is airde le fáil inár scoileanna, campais agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile.

**Sprioc 2**

### Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta

Timpeallacht oibre chomhoibríoch, thacúil, chomhbhách, shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil don fhoireann go léir trí bhearta tacaíochta freagrúla ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí a sholáthar, a bhfuil cultúr measa, dínite, comhionannais agus forbartha gairmiúla leanúnaí mar bhonn agus thaca acu. Is éard atá i gceist leis sin ná timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh cultúr measa, dínite agus comhionannais ina bhunchloch di.

**Sprioc 3**

### Dea-rialachas

Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar a bheidh mar bhonn taca faoi sholáthar éifeachtach éifeachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán. Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go dtacaítear le soláthar oideachais agus oiliúna BOO trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin rialachais is airde ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, cothromais agus luach ar airgead de.

**Sprioc 4**

### Comhpháirtíocht

Comhoibriú san eagraíocht trí chéile a fhorbairt agus oibriú i gcomhpháirt le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, comhpháirtithe oideachais, chomh maith le páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, chun réitigh nuálacha a sholáthar a fhreagróidh do riachtanais athraitheacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an réigiúin. Is éard atá i gceist leis sin ná freagairt d'oibleagáidí reachtúla agus comhpháirtíochtaí ábhartha a thógáil chun conairí éifeachtacha a chruthú agus chun ról an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le hiomaíochas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta ár réigiúin a fhorbairt.

Baineann sraith gníomhartha straitéiseacha ar leith le gach sprioc, agus iad ceaptha cuidiú le BOO na huaillmhianta atá sonraithe a bhaint amach. Cé acu a éireoidh nó nach n-éireoidh leis, braitheann sin ar a lán tosca, lena n-áirítear feidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann le linn na tréimhse cúig bliana 2022 – 2026, na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil agus athchóiriú straitéiseach leanúnach na hearnála poiblí.

# 03 Comhthéacs Náisiúnta agus Eorpach

Tá athrú ollmhór tagtha ar na dúshláin agus na deiseanna atá os comhair shochaí agus gheilleagar na hÉireann mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Is athrú é sin a bhfuil tionchar á imirt aige freisin ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda.
Tháinig an Ráiteas Straitéise seo chun cinn i gcomhthéacs pleanáil theagmhasach, cianobair agus gluaiseacht nach bhfacthas a macasamhail roimhe seo i dtreo foghlaim ar líne agus foghlaim chumaisc.

## Tionchar na paindéime:

An 12 Márta 2020, d'fhógair Rialtas na hÉireann go ndúnfaí scoileanna, naíolanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna ar feadh 2 sheachtain, mar aon le bearta eile chun scaipeadh COVID-19 a mhoilliú. Mar chuid de chéim mhoillithe na paindéime, leathnaíodh an dúnadh sin a thuilleadh chun bearta breise amhail cianobair agus scaradh sóisialta a áireamh. Le 20 mí anuas, dhírigh cuid mhaith dár n-iarrachtaí arthacaíocht a thabhairt do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne, mar aitheantas ar éagsúlacht na bhfreagairtí ba ghá leo, agus ar straitéisí a chur i bhfeidhm ag an am céanna chun caighdeán an teagaisc agus na foghlama a chinntiú. I bhfianaise na srianta riachtanacha sin, chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir raon beart i bhfeidhm a bhí ceaptha chun tacú lenár mic léinn agus lenár bhfoghlaimeoirí a gcuid staidéar a chur i gcrích agus deimhniú a bhaint amach, agus chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil dár bhfoireann teagaisc agus tacaíochta uile, agus don fhoireann i gcoitinne.

Tar éis laghdú an-ghéar i ngníomhaíocht eacnamaíoch i rith 2020, tugann an Feasachán Eacnamaíoch Ráithiúil is déanaí ón mBanc Ceannais (Deireadh Fómhair 2021) le fios go bhfuil an geilleagar tar éis cuid mhaith den tionchar láithreach ón ngéarchéim COVID-19 a chur de cheana féin. Chuidigh na bearta tacaíochta a chuir an rialtas ar fáil d'fhostaithe agus do ghnólachtaí le hualach na srianta diana a mhaolú. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir bródúil as bheith mar chuid den fhreagairt náisiúnta chun tacú lenár bpobail foghlama leanúint dá rannpháirtíocht san oideachas agus oiliúint. Chuir BOO os cionn €500k ar fáil do ghrúpaí pobail in 2020 faoin gCiste SOLAS um Maolú in aghaidh Míbhuntáiste Oideachasúil chun tacú le foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil rochtain a fháil ar an oideachas agus páirt a ghlacadh ann. Tá an ciste ag feidhmiú arís in 2021, agus leithdháileadh os cionn €300k cheana féin tráth a foilsíodh an Ráitis Straitéise seo.

Chuir géarchéim COVID-19 dlús le tionchar na bpríomhthreochtaí agus na n-athruithe a mhúnlóidh an timpeallacht oideachais agus oiliúna agus an chaoi a n-oibrímid agus a ndéanaimid ár seirbhísí a sholáthar. Tá sé ag éirí níos soiléire go bhfuil an t-oideachas agus an oiliúint lárnach chun athléimneacht agus fás daoine aonair, pobal agus an gheilleagair a fhorbairt. Léiríonn an Monatóir Eacnamaíoch is déanaí ó Luimneach (Bealtaine 2021), lena gclúdaítear na sé mhí go dtí deireadh mhí an Mhárta 2021, an cur isteach leanúnach ar an ngeilleagar áitiúil. Is iad na hearnálacha is mó atá thíos leis fós ná an miondíol agus an turasóireacht. Mar sin féin, d'éirigh go maith le Luimneach i gcomparáid le contaetha eile le linn COVID-19, mar thoradh ar an líon earnálacha sa chathair a raibh inrochtaineacht chianda ar a gcumas acu agus a bhí in ann teacht aniar ó chur isteach na paindéime dá bharr.

Tar éis na paindéime, cuirfear béim níos mó ar nascacht agus ar obair hibrideach, agus beidh gá le hinfheistíocht ghaolmhar ó thaobh bonneagair agus forbairt scileanna de. Tá gá le hinfheistíocht chun astaíochtaí carbóin a laghdú, an chianobair a éascú trí infheistíocht leathanbhanda, agus maoiniú a chur ar fáil chun tithe a dhéanamh níos inbhuanaithe. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an Rialtas chun 300,000 teach a iarfheistiú faoi 2030, rud a dhéanfaidh tithe níos tíosaí ar fhuinneamh agus a laghdóidh a lorg carbóin. I mí na Nollag

2020, d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Simon Harris TD, go mbeadh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina láthair le haghaidh ceann de cheithre ionad náisiúnta barr feabhais um iarfheistiú. Tá oiliúint i scileanna iarfheistithe, lena n-áirítear scileanna Foirgneamh Nach Mór Nialasach ó thaobh Fuinnimh de (nZEB), á bhforbairt chun soláthar oibrithe ardoilte a chinntiú don réimse fáis tábhachtach seo den gheilleagar.

Is bunchloch é an earnáil BOO de bheartas an rialtais maidir le hoideachas, oiliúint agus scileanna. Tá freagracht ar BOOnna cláir nua Bhreisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear printíseachtaí agus oiliúnachtaí nua, agus tá ról lárnach acu maidir le cuimsiú sóisialta, giniúint fostaíochta agus forbairt shocheacnamaíoch a chur chun cinn. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag tacú le príomhréimsí fáis tríd an gcion straitéiseach atá á dhéanamh againn ar mhaithe leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna. Oibrímid i gcomhpháirtíocht fhiúntach ghníomhach le fostóirí chun geilleagar dea-oilte a fhorbairt sa réigiún seo trí scileanna sonracha a sholáthar i réimsí ina bhfuil deiseanna fostaíochta agus ina bhfuil gá le huas-sciliú. Socrófar le straitéisí agus treoracha eile faoi stiúir an rialtais tosaíochtaí do BOO, lena n-áirítear an Roinn Oideachais, Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS, agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna. Ar an gcaoi chéanna, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, is tosaíochtaí iad foghlaim fadsaoil a chur chun cinn agus scileanna agus inniúlachtaí inaistrithe a fhorbairt, agus leanfaidh an BOO dá rannpháirtíocht le tionscnaimh bheartais an Aontais.

Le linn shaolré an Ráitis Straitéise 2022 – 2026 seo, beidh Rannán Breisoideachais agus Oiliúna BOO freagrach as an dara Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí (SPA) a fhorbairt i gcomhar le SOLAS. Sa chomhaontú nua idir SOLAS (an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, leagtar amach an comhthéacs agus na tosaíochtaí straitéiseacha, mar aon leis an gcion atá á dhéanamh ag BOO ar mhaithe le príomhspriocanna na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna a bhaint amach. Ina theannta sin, cuimseofar leis an tréimhse ama gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar mholtaí QQI tar éis Athbhreithniú Tionscnaimh Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir um Dhearbhú Cáilíochta i mBoird Oideachais agus Oiliúna, a rinneadh i gcomhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann in 2021.



# 04 Modheolaíocht um Fhorbairt Straitéise

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an 1 Iúil 2013 mar chuid de thosach feidhme *an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013*. Leagtar amach san Acht príomhfheidhmeanna BOO, lena n-áirítear pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar oideachais agus oiliúna, agus tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre don óige. Ceanglaítear le hAlt 27 den Acht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ráiteas straitéise cúig bliana a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird agus na Roinne Oideachais. Sheol Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chéad ráiteas straitéise in 2017, inar clúdaíodh an tréimhse cúig bliana go dtí deireadh 2021.

Ní mór cuspóirí an bhoird, tosaíochtaí na gcuspóirí sonraithe, agus na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach a shonrú i Ráiteas Straitéise 2022 – 2026. Ina theannta sin, ní mór Ráiteas Straitéise BOO a sheachadadh de réir an Chóid Rialachais do BOOnna (Cód reatha eisithe in 2019).

Ós rud é gurb é seo an dara ráiteas straitéise cúig bliana i saolré Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, cuireann Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 le dul chun cinn agus le héachtaí an chéad ráitis straitéise 2017 – 2021. Léiríodh uaillmhian shoiléir sa doiciméad sin go mbeadh ról ceannasach ag BOO maidir le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar shaol ár mac léinn agus ár bhfoghlaimeoirí, ar ár bpobal agus ar rathúnas sóisialta agus eacnamaíoch ár réigiúin.
Agus Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 á fhorbairt, tá ceanglas reachtúil ar BOO dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, idir pháirtithe inmheánacha agus sheachtracha, agus ní mór don Phríomhfheidhmeannach a chinntiú go dtugtar aird ar threoracha beartais na n-airí agus ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil.

D'éascaigh Foireann um Fhorbairt Straitéise Inmheánaí an comhairliúchán maidir le forbairt an Ráitis Straitéise seo. Cuireadh an fhoireann sin ar bun i mí Feabhra 2021 faoi cheannas an Stiúrthóra ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta. Agus iad ag cur leis an gcéad Ráiteas Straitéise, ba é fócas na Foirne um Fhorbairt Straitéise Inmheánaí forbairt todhchaí an oideachais, na hoiliúna, na hoibre don óige agus na seirbhísí tacaíochta a mhapáil. Áiríodh ar an bhFoireann um Fhorbairt Straitéise ionadaíocht ó BOO trí chéile chun a chinntiú go léireofaí castacht riachtanais na bpáirtithe leasmhara go hiomlán sa doiciméad deiridh.

Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin cruinnithe ar líne agus grúpaí fócais ar líne de bharr na srianta COVID-19, lena raibh baint ag Mic Léinn/Foghlaimeoirí, Tuismitheoirí, Príomhoidí/Bainisteoirí, Comhordaitheoirí, Foirne Tacaíochta agus Forbartha agus baill foirne ón eagraíocht trí chéile. Ba phríomhghné den chomhairliúchán freisin an suirbhé ar líne a rinneadh.

Ghlac beagnach 600 duine páirt sa phróiseas comhairliúcháin trí chruinnithe / imeachtaí ar líne nó tríd an bpróiseas suirbhéireachta ar líne. Cuimsíonn an comhairliúchán aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara uile, eadhon mic léinn, tuismitheoirí agus caomhnóirí, foghlaimeoirí aosacha, ionadaíocht fostóra agus tionscail, eagraíochtaí pobail agus deonacha, foirne teagaisc agus tacaíochta, agus foirne riaracháin.




Tar éis na próisis chomhairliúcháin sin a thabhairt chun críche, chuir an mheitheal bailchríoch ar dhréacht deiridh Ráiteas Straitéise 2022 – 2026, faoi mhaoirseacht an Stiúrthóra ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta. D'eascair spriocanna straitéiseacha agus tosaíochtaí ón bpróiseas sin agus rinne Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOO agus Bord BOO athbhreithniú orthu.

Léirítear sa straitéis riachtanais an phobail áitiúil chomh maith leis na tosaíochtaí náisiúnta mar atá leagtha amach ag an Rialtas, go háirithe an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus SOLAS

## AMLÍNE

| | |
|---|---|
| **Bunú Foireann um Fhorbairt Straitéise Inmheánaigh** | **Feabhra 2021** |
| **Doiciméad Comhairliúcháin a fhorbairt, lena n-áirítear sonraí agus faisnéis a fhoinsiú** | **Feabhra 2021** |
| **Suirbhé ar líne ar pháirtithe leasmhara lena n-áirítear mic léinn/foghlaimeoirí, tuismitheoirí, baill foirne, an bord agus comhpháirtithe straitéiseacha** | **Márta – Aibreán 2021** |
| **Athdhréachtú an Doiciméid Comhairliúcháin chun aiseolas ón suirbhé a léiriú** | **Bealtaine 2021** |
| **Grúpaí Fócais na mBall Foirne** | **Meitheamh – Meán Fómhair 2021** |
| **Athdhréachtú an Doiciméid Comhairliúcháin chun aiseolas ó na Grúpaí Fócas a léiriú** | **Meán Fómhair 2021** |
| **Grúpa Fócas ar a mbeidh an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí agus Ceannairí Rannán** | **September 2021** |
| **Bailchríoch le cur ar an Ráiteas Straitéise ag Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOO** | **Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2021** |
| **Cur i láthair don Bhord lena fhaomhadh** | **Samhain 2021** |
| **Seoladh** | **2022** |

# 05 Próifíl ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

## 1 Réamhrá

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an t-údarás oideachais agus oiliúna stáit do réigiún Luimnigh agus an Chláir. Tá sé ar cheann de na 16 údarás oideachais réigiúnacha reachtúla a bunaíodh an 1 Iúil 2013 faoin *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.*

Is é an fheidhm atá ag BOO bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta, ionaid oideachais agus áiseanna oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme. Éilítear ar BOO freisin pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche fostaíochta agus seirbhísí ina limistéar feidhme. Tacaíonn BOO freisin le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don óige ina limistéar feidhme.

Bíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirteach go díreach i soláthar bunoideachais in dá Scoil Náisiúnta Phobail, chomh maith le soláthar ar shuíomh satailíte amháin mar threoirthionscadal thar ceann na Roinne Oideachais. Cuirtear oideachas Iar-Bhunscoile ar fáil in 18 suíomh. Cuirtear Breisoideachas agus Oiliúint ar fáil in 28 campas sa réigiúin trí chéile. Tá scoileanna agus campais BOO lonnaithe go straitéiseach lena chinntiú go mbíonn rochtain éasca ag gach ceantar tuaithe ar na deiseanna foghlama agus áiseanna bonneagair is airde caighdeán agus is féidir. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina chomhphátrún freisin ar roinnt Pobalscoileanna, lena n-áirítear Pobalscoil Eoin Baiste, Ospidéal, Pobalscoil Chill Rois, Pobalscoil Naomh Caimin, Sionainn, agus Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn.

### Sracfhéachaint ar an Eagraíocht

**Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir**

**€100** MILLIÚN CLAR INFHEISTÍOCHTA CAIPITEAL

**€173** MILLIÚN MEÁNBHUISÉAD BLIANTÚIL

**24** SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL AGUS IAR-BHUNSCOILEANNA

**28** CAMPAIS COLÁISTE BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

**2,500** BALL FOIRNE

**1** X SCOIL CHEOL LUIMNIGH

**3** X CLÁR MUSIC GENERATION

**38,000** ROLLÚ IOMLÁN FOGHLAIMEOIRÍ/ DALTAÍ

**300** SUÍMH PHOBAIL SA RÉGIÚN

Is iad ár mic léinn agus ár bhfoghlaimeoirí atá i gcroílár gach a ndéanaimid mar BOO, chomh maith le riachtanais athraitheacha fostóirí, comhpháirtíochtaí áitiúla agus ár bpáirtithe leasmhara go léir.


## 2 Croíluachanna

- Geallaimid go n-éascófar cumhachtú an phobail a ndéanaimid freastal air trí oideachas agus oiliúint chuimsitheach, mheasúil, thacúil agus iomlánaíoch.
- Geallaimid go gcomhlíonfaimid na caighdeáin is airde ó thaobh iompar eiticiúil, ionracais agus cuntasachta de.
- Geallaimid go gcuirfimid seirbhísí ardcháilíochta inrochtana ar fáil agus go n-oibreoimid ar bhealach forásach, nuálach, inbhuanaithe agus cruthaitheach.
- Geallaimid go ndíreoimid ar an mac léinn/ foghlaimeoir maidir le dearadh, soláthar agus measúnú ár gclár agus ár seirbhísí, agus go léireoimid meas orthu.
- Geallaimid go n-oibreoimid le meon na comhpháirtíochta, an chóimheasa, na hoscailteachta agus na trédhearcachta.
- Geallaimid go gcuirfimid comhionannas deiseanna ar fáil agus go léireoimid urraim do chearta, dínit agus éagsúlacht ár bpáirtithe leasmhara uile.
- Aithnímid an ról lárnach atá ag ár mbaill foirne agus tugaimid tacaíocht dó, agus táimid tiomanta do chultúr na forbartha gairmiúla leanúnaí agus na folláine.
- Geallaimid go rachaimid in oiriúint agus go bhfreagróimid do riachtanais shóisialta agus fostaíochta ár bpobal, atá ag síorathrú.



## 3 An Bord

I gcomhréir leis an reachtaíocht, cuimsítear le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 12 chomhalta arna dtoghadh ag na húdaráis áitiúla, beirt chomhaltaí ó fhoireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir féin, beirt chomhaltaí is tuismitheoirí, agus cúigear ionadaithe ó shainghrúpaí leasa / pobail (Aguisín 1).




## 4 Comhthéacs Reachtach

Bunaíodh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) de bhua an *Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013*, agus tugadh isteach Cód Cleachtais maidir le Rialachas BOOnna. Bunaíodh SOLAS faoin *Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013 agus bunaíodh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012*. Agus Breisoideachas agus Forbairt á gcur ar fáil aige, ní mór do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir feidhmiú de réir straitéis, bheartais agus threoracha an dá eagraíocht sin, chomh maith le straitéis, beartais agus treoracha na Roinne Oideachais, agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.


I measc na príomhreachtaíochta eile atá ina bonn leis an straitéis seo tá an *tAcht Oideachais, 1998*; an *tAcht um Obair Óige, 2001, Acht EPSEN, 2004*, an *tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015*, an *tAcht um Stádas Comhionann, 2000* agus an *tAcht um Chomhionannas, 2004*, an *tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*, an *tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014* (Dualgas na hEarnála Poiblí).

Is iad seo a leanas samplaí de straitéisí agus treoracha faoi stiúir an rialtais a mbíonn tionchar acu ar thosaíochtaí agus straitéis BOO: Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna, Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS, Nósanna Imeachta agus Treoirlínte um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais, an Straitéis Náisiúnta don Aos Óg, Straitéis na Litearthachta agus na hUimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol, Creat d'Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí, Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (2017–2021), Straitéis na Roinne um Cheannaireacht agus Bainistíocht i Scoileanna, Plean Gníomhaíochta um Poist agus Conairí chun Oibre, pátrúnacht Scoileanna Náisiúnta Pobail (ó 2016) agus beartas an Rialtais maidir le Pátrúnacht Bunscoileanna.

## 5 Dualgas na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear le hAlt 42(2) den Acht fá Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann, 2014 go ndearnadh plé ar na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha do chomhlíonadh fheidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus an Ráiteas Straitéise seo á ullmhú. Aithníonn BOO gur oibleagáid leanúnach é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, nach mór cloí leis go leanúnach agus atá ina bhunchloch de na próisis oibríochta agus pleanála. Tá BOO tiomanta d'idirdhealú a dhíothú, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn i gcás na foirne

agus na ndaoine a soláthraíonn an eagraíocht seirbhísí dóibh, mar aon le cosaint chearta na gcomhaltaí boird, na foirne agus na ndaoine a soláthraíonn BOO seirbhísí dóibh.




## 6 Próifíl Dhéimeagrafach

Agus an chuid seo á cur le chéile, tuigimid, tar éis cinneadh de chuid an Rialtais a rinneadh i gcomhairle leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), gur cuireadh ar athló an Daonáireamh a bhí le tarlú i mí Aibreáin 2021 go ceann bliana, agus go bhfuil dáta nua Daonáirimh socraithe le haghaidh Dé Domhnaigh, 3 Aibreán 2022. Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an gá le figiúirí daonra cothrom le dáta chun bonn eolais a chur faoinár dtimthriall pleanála agus athbhreithnithe. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise seo a luaithe a bheidh sonraí cothrom le dáta ar fáil ag deireadh 2022.

Léirítear le Staitisticí atá ar fáil dúinn ó Dhaonáireamh 2016, arna dtiomsú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), go gcónaíonn daonra iomlán 313,802 (6.6% de dhaonra an stáit) i Luimneach agus sa Chlár. Tá daonra 118,627 sa Chlár, agus is é 195,175 daonra iomlán Chontae Luimnigh, a bhfuil 94,192 díobh ina gcónaí sa chathair agus sna bruachbhailte thart timpeall uirthi. Mar sin, is é Luimneach an tríú ceantar uirbeach is mó daonra sa stát, agus an ceathrú cathair is mó daonra ar oileán na hÉireann.

Tá roinnt dúshlán roimh na réigiúin uirbeacha. Taispeántar le figiúirí ó Dhaonáireamh 2016 go bhfuil 79 ceantar ard-dífhostaíochta in Éirinn, agus go bhfuil 21 de na ceantair ard-dífhostaíochta sin le fáil i réigiún an BOO seo (27% de na ceantair ard-dífhostaíochta náisiúnta). Cé go bhfuil trí cinn de na ceantair ard-dhífhostaíochta sin suite sa Chlár (Cill Rois Uirbeach, 29.7%; Inis Uimh. 2, 29.1%; agus Cill Chaoi, 28.1%), is é Luimneach an áit is measa atá buailte sa tír, agus 18 gceantar ard-dífhostaíochta ann ar an iomlán. Tá ocht gcinn de na deich gceantar is measa ó thaobh na dífhostaíochta de suite i gCathair Luimnigh.

Is ar mhórcheantar uirbeach Luimnigh is mó atá tionchar á imirt ag pátrúin daonra athraitheacha, agus tá méadú suntasach ar an daonra le sonrú i gceantair áirithe i lár na cathrach. Os a choinne sin, is i limistéir athnuachana atá an laghdú daonra is mó le sonrú. Maidir leis an bpróifíl aoise, tá na treochtaí i Luimneach agus an Clár (+26% os cionn 65 i gContae an Chláir) ag teacht leis an treocht náisiúnta, is é sin, lárionaid uirbeacha ina bhfuil daonra óg agus ceantair thuaithe ina bhfuil daoine atá ag dul in aois. Tá méadú i gcomhréir leis na figiúirí náisiúnta tagtha freisin ar an gcóimheas aoise is cleithiúnais, lena léirítear an cóimheas daoine faoi bhun 14 bliana d'aois agus os cionn 65 bliana d'aois le daoine atá in aois fostaíochta (idir 15 agus 64 bliana d'aois).

Ós rud é go bhfuil limistéir uirbeacha agus thuaithe araon ag an mBord Oideachais agus Oiliúna seo, tuigimid go rímhaith go bhfuil an tearcfhostaíocht go forleathan i gceantair thuaithe an Chláir agus Luimnigh. Is féidir baint a bheith ag an míbhuntáiste tuaithe le tosca amhail deiseanna teoranta fostaíochta, easpa iompair agus seirbhísí eile, leibhéil arda cleithiúnais, agus aonrú. Éilítear leis sin soláthar casta seirbhísí ar fud Luimnigh agus an Chláir, óir is ar bhonn áitiúil a sholáthraítear seirbhísí áit ar féidir, agus áirítear leo oideachas bunscoile, oideachas iar-bhunscoile, breisoideachas agus oiliúint agus obair don óige, i dteannta le cláir agus seirbhísí oideachais pobalbhunaithe eile.

## 7 Próifíl Eacnamaíoch

Roimh phaindéim COVID-19, ba é réigiún Luimnigh agus an Chláir ceann de na timpeallachtaí is fearr maidir le cruthú post. Le dhá bhliain anuas, bhain réigiún an Iarthair Láir tairbhe as 17 bhfógra infheistíochta dírí eachtraí (FDI), líon níos mó ná an chuid eile den tír. Is í an earnáil seirbhísí an earnáil is mó fostaíocht i Luimneach agus an Clár go fóill, agus ina dhiaidh sin, na tionscail tráchtála, trádála agus déantúsaíochta. In 2016, gnóthais bheaga agus mheánmhéide a bhí in 92% de na fiontair ghníomhacha san Iarthar Láir, agus ba iad na gnóthais sin a d'fhostaigh 36% de na daoine a bhí fostaithe sa gheilleagar gnó. Tá an Fóram Réigiúnach Scileanna tar éis na láidreachtaí reatha agus na féidearthachtaí fáis sa todhchaí a shainaithint sa gheilleagar réigiúnach sna réimsí biteicneolaíochta, teicneolaíocht míochaine, TFC, aeraspáis, turasóireachta, gnó talmhaíochta agus lóistíochta. Lena chois sin, tá an fóram tar éis braislí scileanna a shainaithint sna réimsí Fáilteachais, Innealtóireachta, Scannánaíochta agus TFC. Leis na braislí scileanna sin, atá treoraithe ag fostóirí, aithnítear na riachtanais reatha agus todhchaí maidir le scileanna, le tacaíocht ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna.

Ní fios fós cén tionchar a bheidh ag paindéim COVID-19 ar bhonn fiontraíochta réigiún an Iarthair Láir. Mar sin féin, tá a fhios againn 'i dtéarmaí earnálacha, gurb iad siúd atá fostaithe sna hearnálacha cóiríochta agus bia, mórdhíola agus miondíola, agus tógála is measa atá buailte go dtí seo. An chaoi a dtiocfaidh téarnamh ar gach ceann de na hearnálacha thuas san fhadtéarma, braithfidh sin ar idirghabhálacha rialtais, fad agus déine na srianta, agus an dearcadh eacnamaíoch foriomlán ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta.'

Léiríonn an Monatóir Eacnamaíoch is déanaí ó Luimneach (Bealtaine 2021), lena gclúdaítear na sé mhí go dtí deireadh mhí an Mhárta 2021, an cur isteach leanúnach ar an ngeilleagar áitiúil. Is iad na hearnálacha is mó atá thíos leis fós ná an miondíol agus an turasóireacht. Mar sin féin, d'éirigh go maith le Luimneach i gcomparáid le contaetha eile le linn COVID-19, mar thoradh ar an líon earnálacha sa chathair a raibh inrochtaineacht chianda ar a gcumas acu agus a bhí in ann teacht aniar ó chur isteach na paindéime dá bharr.

[1] Tionchar COVID-19 ar mhargadh saothair na hÉireann, Bealtaine 2020, an tAonad Taighde Margaidh maidir le Scileanna agus Saothair, SOLAS



## 8 Comhpháirtíocht


Ceann de thosaíochtaí straitéiseacha Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir is ea obair i gcomhpháirt leis na príomhpháirtithe leasmhara i réigiún Luimnigh agus an Chláir. Is le cúnamh ó nascacht le hinstitiúidí Ardoideachais, lena n-áirítear Ollscoil Luimnigh (a chuimsíonn Coláiste Mhuire gan Smál), agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre Meániarthar, a threisítear na conairí dul chun cinn chuig Tríú Leibhéal dár mic léinn Iar-Bhunscoile agus dár bhfoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna.

Lena hais sin, comhoibríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le raon comhlachtaí poiblí, chomh maith le heagraíochtaí deonacha agus pobail. Déanann BOO teagmháil go rialta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), agus tá sé ina bhall de Choistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁnna) na nÚdarás Áitiúil i Luimneach agus sa Chlár araon. Tá ionadaíocht freisin ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar Fhóram Scileanna Réigiún an Iarthair Láir agus oibríonn sé go dlúth leis na ceithre Chuideachta Comhpháirtíochta áitiúla (Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir, Acmhainní Luimnigh Thiar, Forbairt Bhealach Eabhra agus Comhpháirtíocht PAUL).

## 9 Struchtúr Eagraíochtúil

Tá obair Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir eagraithe ina trí cholún: Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, Scoileanna agus Breisoideachas agus Oiliúint, agus bíonn Stiúrthóir gach colúin díobh freagrach don Phríomhfheidhmeannach.

### Struchtúr Eagraíochtúil






## 10 Próifíl an tSoláthair

Tá freagracht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir as:

- 18 nIar-Bhunscoil
- 2 Scoil Náisiúnta Phobail (lena gcuimsítear seomra ranga satailíte sa Ghleann Rua, Contae Luimnigh)
- Comhordú an tSoláthair Oibre don Óige
- 28 Campas Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna
- 2 Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh
- 3 Chlár Music Generation
- Scoil Cheoil
- Ionad Oideachais Príosúin
- Soláthar pobalbhunaithe in ca. 300 suíomh sa réigiún trí chéile

## 11 Spriocghrúpaí

Spriocghrúpaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir:

- Mic léinn ag aois Bunscoile agus Iar-bhunscoile agus/nó a dtuismitheoirí/caomhnóirí
- Foghlaimeoirí aosacha Breisoideachas agus Oiliúna
- Pobail ar fud Luimnigh agus an Chláir
- Daoine óga, grúpaí don óige agus oibrithe deonacha
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta arna riar go díreach ag BOO
- Eagraíochtaí deonacha agus pobail
- Grúpaí agus daoine aonair a bhfuil leas á bhaint acu as Oideachas Ceoil agus Oideachas & Oiliúint Allamuigh
- Gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí fostóra eile

## Rannán Scoileanna

- **4** SCOILEANNA POBAIL
- **30,000** DUINE ÓG TACAITHE AG AN BHFEIDHM OBAIR ÓIGE
- **2** SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL
- **18** COLÁISTÍ POBAIL
- **13,000** DALTAÍ
- **47%** DE ROLLÚ IOMLÁN MAC LÉINN IAR-BHUNSCOILE SA RÉIGIÚN

## Rannán Breisoideachais agus Oiliúna

- **28** CAMPAIS AN CHOLÁISTE B AGUS O
- **700+** FOIREANN
- **8,006** UAIMNÍ
- **1,681** CÉIMEANNA CÚRSAÍ THAR 31 CLUICHÍ FOGHLAMA
- **22,939** SOCHAIR
- **€69.5** MAOINIÚ SOLAS (2020)
- **37** IONAID CHLÁRAITHE QQI

## 12 Léarscáil dár Soláthar agus dár Seirbhísí

**Tá liosta de scoileanna, coláistí, ionaid, soláthar agus seirbhísí BOO le feiceáil in Aguisín 2 den cháipéis seo, agus tugtar cuntas níos iomláine orthu ar an léarscáil idirghníomhach ar ár suíomh gréasáin: www.lcetb.ie.**



# 06 Spriocanna Tosaíochta 2022 – 2026

| SPRIOC 1 | SPRIOC 2 | SPRIOC 3 | SPRIOC 4 |
| --- | --- | --- | --- |
| Eispéiris Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí | Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta | Dea-rialachas | Comhpháirtíocht |

## Achoimre ar na Spriocanna Tosaíochta

**Sprioc Straitéiseach 1**
**Eispéiris Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí**

Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim fadsaoil mar chonair trínar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal.

**Sprioc Straitéiseach 2**
**Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**

Timpeallacht oibre chomhoibríoch, thacúil, chomhbhách, shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil don fhoireann go léir trí bhearta tacaíochta freagrúla ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí a sholáthar, a bhfuil cultúr measa, dínite, comhionannais agus forbartha gairmiúla leanúnaí mar bhonn agus thaca acu.

**Sprioc Straitéiseach 3**
**Dea-rialachas**

Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar a bheidh mar bhonn taca faoi sholáthar éifeachtach éifeachtúil ár seirbhísí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin.

**Sprioc Straitéiseach 4**
**Comhpháirtíocht**

Comhoibriú san eagraíocht trí chéile a fhorbairt agus oibriú i gcomhpháirt le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, comhpháirtithe oideachais, chomh maith le páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, chun réitigh nuálacha a sholáthar a fhreagróidh do riachtanais athraitheacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an réigiúin.

## SPRIOC 1 Eispéiris Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí

**Deiseanna cuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim fadsaoil mar chonair trínar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta na ndaoine inár bpobal.**

Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama agus teagaisc ar an gcaighdeán is airde le fáil inár scoileanna, campais agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile.

| Gníomhartha Straitéiseacha | Cé a Bheidh i gCeannas | Tréimhse Ama |
|---|---|---|
| **1.1** Rochtain chomhionann a sholáthar do chách ar oideachas agus oiliúint chun leasa ár bpobal. | Foireann Bainistíochta Sinsearaí, Príomhoidí agus Bainisteoirí | 2022 - 2026 |
| **1.2** A chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin oideachasúla, oiliúna agus eiticiúla is airde i scoileanna agus campais Bhreisoideachais agus Oiliúna na heagraíochta trí chéile. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **1.3** Freagairt do riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus nfhostaitheachta shainaitheanta ár bpáirtithe leasmhara. | An Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Príomhoidí agus Bainisteoirí | 2022 - 2026 |
| **1.4** Forbairt an duine aonair mar dhuine iomlán a chothú chun a acmhainneacht a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama. | An Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Bainisteoirí agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | 2022 - 2026 |
| **1.5** Seirbhísí ardchaighdeáin faisnéise, treorach agus comhairleoireachta a chur ar fáil, mar aon le seirbhísí tacaíochta do mhic léinn/foghlaimeorí i scoileanna agus campais Bhreisoideachais agus Oiliúna na heagraíochta trí chéile. | An Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Bainisteoirí agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | 2022 - 2026 |
| **1.6** Cultúr foghlama fadsaoil a chur chun cinn trí luach an oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint, lena n-áirítear oideachas allamuigh agus ceoil agus ról claochlaitheach na hOibre don Óige inár bpobail. | Director of Schools, Youth Officers, Youth Work Committee, Director of FET | 2022 - 2026 |

## SPRIOC 2 Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta

**Timpeallacht oibre chomhoibríoch, thacúil, chomhbhách, shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil don fhoireann go léir trí bhearta tacaíochta freagrúla ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí a sholáthar, a bhfuil cultúr measa, dínite, comhionannais agus forbartha gairmiúla leanúnaí mar bhonn agus thaca acu.**

Is éard atá i gceist leis sin ná timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh cultúr measa, dínite agus comhionannais ina bhunchloch di.

| Gníomhartha Straitéiseacha | Cé a Bheidh i gCeannas | Tréimhse Ama |
|---|---|---|
| **2.1** Baill foirne ar an gcaighdeán is airde a mhealladh, a earcú agus a choinneáil, trí straitéisí solúbtha earcaíochta agus ionduchtaithe a fhorbairt. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **2.2** Beartas ábhartha um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur i bhfeidhm agus a choinneáil, lena léirítear cuspóirí na heagraíochta agus a tiomantas i leith fhás agus fhorbairt na bhfostaithe. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **2.3** Baill foirne a chothú, a chur chun cinn agus a dhreasú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **2.4** Ár luachanna ceannaireachta, cóitseála agus meantóireachta a chothú agus a spreagadh mar chultúr dár bhfoireann go léir. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **2.5** Plean Gníomhaíochta Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a chur i bhfeidhm, mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **2.6** A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh BOO ar an gcaighdeán is airde do chách. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **2.7** Feasacht ghníomhach a chur chun cinn maidir le sláinte, sábháilteacht, folláine agus leas do gach ball foirne ar leibhéal pearsanta agus eagraíochtúil. | Foireann Bainistíochta Sinsearaí, Príomhoidí agus Bainisteoirí | 2022 - 2026 |
| **2.8** Leanúint d'fhiosrú acmhainneacht na gcleachtas oibre nua-aimseartha solúbtha a thacaíonn le spriocanna eagraíochtúla, táirgiúlacht, comhlíonadh foirne agus folláine. | Foireann Bainistíochta Sinsearaí, Príomhoidí agus Bainisteoirí | 2022 - 2026 |
| **2.9** Leanúint de thacú leis an bpróiseas dearaidh eagraíochtúil ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas níos mó a bhaint amach i struchtúir soláthair foirne agus i ndearadh eagraíochtúil ar fud na hearnála BOO. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |

## SPRIOC 3 Dea-rialachas

### Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar a bheidh mar bhonn taca faoi sholáthar éifeachtach éifeachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán.

Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go dtacaítear le soláthar oideachais agus oiliúna BOO trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin rialachais is airde ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, cothromais agus luach ar airgead de.

| Gníomhartha Straitéiseacha | Cé a Bheidh i gCeannas | Tréimhse Ama |
|---|---|---|
| **3.1** A chinntiú go bhfuil ár struchtúir, a bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre mar bhonn agus thaca acu, in oiriúint do na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **3.2** Leanúint de phróisis straitéiseacha pleanála gnó a nuáil agus a neartú chun tosaíochtaí eagraíochtúla a bhaint amach | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **3.3** Na caighdeáin is airde bainistíochta airgeadais agus riosca a chur chun cinn trí rialuithe agus iniúchtaí monatóireachta inmheánacha. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **3.4** Úsáid éifeachtach acmhainní poiblí a uasmhéadú. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **3.5** Cloí le próisis éifeachtacha um chosaint sonraí, rúndacht agus bainistiú taifead. | An Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta | 2022 - 2026 |
| **3.6** Straitéis éifeachtach cumarsáide a choinneáil, a fheabhsú agus a leabú. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **3.7** Comhaontuithe seirbhíse/meabhráin tuisceana agus prótacail a choinneáil agus a mhonatóiriú le gníomhaireachtaí seachtracha dá dtugaimid deontais/ acmhainní. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **3.8** Cultúr féinmheastóireachta a chur chun cinn san eagraíocht trí chéile chun tacú le próiseas feabhsaithe leanúnaigh trí éifeachtúlacht na gcóras agus na gcleachtas riaracháin a mheasúnú go rialta. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliún | 2022 - 2026 |
| **3.9** Comhlíontacht de réir na reachtaíochta a chinntiú. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **3.10** Freagracht shóisialta chorparáideach agus éiteas inbhuanaithe comhshaoil a chur chun cinn lena gcinnteofar go léirítear iad sin san eagraíocht trí chéile. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |

## SPRIOC 4 Comhpháirtíochtaí

### Comhoibriú san eagraíocht trí chéile a fhorbairt agus oibriú i gcomhpháirt le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, comhpháirtithe oideachais, chomh maith le páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, chun réitigh nuálacha a sholáthar a fhreagróidh do riachtanais athraitheacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an réigiúin.

Is éard atá i gceist leis sin ná freagairt d'oibleagáidí reachtúla, agus comhpháirtíochtaí ábhartha a thógáil chun conairí éifeachtacha a chruthú agus chun ról an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le hiomaíochas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta ár réigiúin a fhorbairt.

| Gníomhartha Straitéiseacha | Cé a Bheidh i gCeannas | Tréimhse Ama |
|---|---|---|
| **4.1** Cultúr comhoibrithe a shaibhriú san eagraíocht trí chéile. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **4.2** Cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta a chur chun cinn chun deiseanna a fheabhsú dár bpáirtithe leasmhara uile sa réigiún. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **4.3** Comhpháirtíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh chun dea-chleachtas a roinnt agus chun ár bpróifíl a fheabhsú mar cheann de na príomhsholáthraithe oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **4.4** Tionscnaimh a fhorbairt go leanúnach mar fhreagairt ar riachtanais bheartais náisiúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **4.5** An nascacht a neartú go leanúnach le lucht na fiontraíochta chun deiseanna a uasmhéadú dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí agus chun rannchuidiú le forbairt éiceachóras scileanna le haghaidh réigiún an Iarthair Láir. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |
| **4.6** Leanúint de naisc a chothú agus a neartú le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile, lena n-áirítear líonrú le BOOnna eile agus le hinstitiúidí tríú leibhéal, agus muid ag soláthar seirbhísí poiblí sa réigiún trí chéile d'fhonn foghlaim agus aistrithe a chur chun cinn agus tacú leo. | An Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta, an Stiúrthóir Scoileanna, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | 2022 - 2026 |

# 07 Cur i bhfeidhm, Acmhainní a chur ar fáil agus Monatóireacht

Beidh na spriocanna, na tosaíochtaí agus na gníomhartha thuas mar bhonnsraith ar a gcuirfear na pleananna i bhfeidhm i ngach snáithe den eagraíocht. Déanfar na gníomhartha arna n-eascairt ó na pleananna cur i bhfeidhm a chomhtháthú go hiomlán i bPleananna Seirbhíse bliantúla san eagraíocht trí chéile, pleananna a ghlacfaidh Bord BOO gach bliain agus a dtuairisceoidh sé orthu ag deireadh gach bliana sa Tuarascáil Bhliantúil. Glacann Bord BOO Tuarascálacha Bliantúla agus cuireann sé faoi bhráid na Roinne Oideachais agus comhlachtaí maoiniúcháin eile iad. Cé go bhfuil an eagraíocht lántiomanta don Straitéis cúig bliana seo, tá a cur i bhfeidhm faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

Na hacmhainní a úsáidfear chun an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm, tiocfaidh siad ó bhuiséid oibríochtúla atá ann cheana agus lorgófar maoiniú breise áit ar gá. De réir mar a thagaimid as an bpaindéim dhomhanda, is feasach dúinn go bhféadfadh srianta buiséadacha a bheith ann agus b'fhéidir go mbeadh orainn ár straitéis agus ár bpleananna a choigeartú dá réir.

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí monatóireacht ar an dul chun cinn ar bhonn rialta agus cuirfidh siad Bord BOO ar an eolas de réir mar is cuí.

Chomh maith leis an méid thuas, síníodh Comhaontú foirmiúil um Sholáthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Rinneadh amhlaidh chun a chinntiú go n-úsáidfí acmhainní ar bhealach éifeachtúil costéifeachtach chun seirbhísí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán a sholáthar don phobal. Mar chuid de sin, tacaíonn an Comhaontú le spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil ar leith de chuid na Roinne agus an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus leagtar amach ann roinnt mhaith spriocanna do BOO de réir Ráiteas Straitéise agus phlean oibre BOO ar bhonn bliantúil. Sainítear sa Chomhaontú seo freisin na torthaí agus na táscairí aschuir ar a ndéanfar feidhmíocht BOO a thomhas, agus leagtar amach ann conas a thacóidh an Roinn le BOO ó thaobh soláthair aschuir agus torthaí de.



# 08 Aguisíní



# Aguisín 1 – Comhaltacht an Bhoird

I gcomhréir leis an reachtaíocht, cuimsítear le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 12 chomhalta arna dtoghadh ag na húdaráis áitiúla, beirt chomhaltaí ó fhoireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir féin, beirt chomhaltaí is tuismitheoirí, agus cúigear ionadaithe ó shainghrúpaí leasa / pobail. Is é seo a leanas liosta iomlán na gcomhaltaí boird:

| | |
|---|---|
| An Clr Kieran O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh (Cathaoirleach) |
| An Clr Clare Colleran Molloy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| Uas. Michael Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. Michael Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Uas. Elaina Fitzgerald | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. Liam Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUas. Michael Guilfoyle | Ionadaí Foirne |
| Uas. Kate Hehir Ionadaí Foirne | |
| Uas. Sheila Hickey | Ionadaí Tuismitheora |
| An Clr. Gabriel Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. Sarah Kiely | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr Joe Killeen | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas. Sean McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. Paul Murphy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr Ann Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| Uas. Mark O'Dea | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUas. Dónal Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| Uas. Marian Petty | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. Elena Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr John Sheahan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr Brigid Teefy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

# Aguisín 2 - Soláthar agus Seirbhísí

## SCOILEANNA

### Scoileanna Náisiúnta Pobail

SNP Mhol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir (ina bhfuil Seomra Ranga Satailíte an Ghleanna Rua, An Gleann Rua, Co. Luimnigh)

SNP Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, Co. an Chláir

### Coláistí Pobail

Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach

Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh

Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh

Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh

Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh

Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh

Coláiste Dheasumhan / Gaelcholáiste Uí Chonba, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail Inse/Gaelcholáiste an Chláir, Inis, Co. an Chláir

Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. An Chláir

Gaelcholáiste Luimnigh, Sir Harry's Mall, Limerick

Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Luimneach

### Scoileanna Pobail[2]

Pobalscoil Eoin Baiste, An tOspidéal, Co. Luimnigh

Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir

Scoil Phobail Naomh Caimín, Sionainn, Co. an Chláir

Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Co. an Chláir

## FEIDHM OBAIR DON ÓIGE

### Seirbhísí do Chathair agus Contae Luimnigh

Coláiste Breisoideachais & Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Luimneach

### Seirbhísí do Chontae an Chláir

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Bóthar an Stáisiúin, Inis, Co. an Chláir

## COLÁISTE BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Campas Mhainistir na Féile, Mountmahon, Mainistir na Féile Co. Luimnigh

Campas na Ceapaí Móire, Drom Saileach, An Cheapach Mhór, Co. Luimnigh

Campas Chromadh, An tSráid Ard, Cromadh, Co. Luimnigh

Campas Orgánach/An tIonad Glas, An Cheathrú Ard Thiar, Drom Collachair, Co. Luimnigh

Campas Inse, Páirc Ghnó Chluain Ráda, Cluain Ráda, Inis, Co. an Chláir

Campas Inis Díomáin, Sráid na hEaglaise, Inis Díomáin, Co. an Chláir

Campas Ospidéil, An Phríomhshráid, Ospidéal, Co. Luimnigh

Campas Fáilteachais, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach

Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Bóthar Chill

[2] Faoi chomhphátrúnacht BOO

Mocheallóg, Luimneach

Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Bóthar an Iarnróid, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh

Campas Chill Rois, Bóthar Chuar an Chláir, Cill Rois, Co. an Chláir

Campas Shráid na Cathrach, Bóthar an Bhaile Aird, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir

Campas Shráid Mulgrave, Sráid Mulgrave, Luimneach

Campas an Chaisleáin Nua, Bóthar an Stáisiúin/Bóthar Naomh Muire, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh

Campas Ascaill Uí Chonaill, An Institiúid Theicniúil, Ascaill Uí Chonaill, Luimneach

Campas an Ráithín, Ascaill Chloch an Chéitinnigh, Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach

Campas Nuálaíochta Glaise, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach

Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois, The Bays, Bóthar Chnoc an Lisín, Maigh Rois, Luimneach

Campas na Scairbhe, Baile Driú, An Scairbh, Co. an Chláir

Campas Seanghualann, An Phríomhshráid, Seanghualainn, Co. Luimnigh

Campas na Sionainne, Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir

Campas Lár Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, Co. an Chláir

Campas Thuaim Gréine, Áras Bhriain Bhórú, An Phríomhshráid, Tuaim Gréine, Co. an Chláir

Campas Chrois Theach na Foraire, Bóthar Chill Liaile, Luimneach

### Ionaid Oiliúna Phobail

Cathair Luimnigh - faoi choimirce Sheirbhís don Óige Luimnigh

Inis - faoi choimirce Sheirbhís don Óige an Chláir

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA BREISOIDEACHAIS & OILIÚNA

### An tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach

Cathair agus Contae Luimnigh - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh

Contae an Chláir - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Inse, Inis, Co. an Chláir

### Seirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas an Ráithín, Luimneach

### Seirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

### Seirbhís Tacaíochta um Nuálaíocht, Forbairt agus Cáilíocht

Taighde, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus Forbairt Ghairmiúil - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

Dearbhú Cáilíochta - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Inse, Inis, Co. an Chláir

## SOLÁTHAR OIDEACHAIS & OILIÚNA ALLAMUIGH

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhoirne, Béal an Chloga, Co. an Chláir

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Chill Fhíonáin, Cill Fhíonáin, Co. Luimnigh

## SOLÁTHAR OIDEACHAIS CEOIL

Scoil Cheoil Luimnigh
Music Generation Chathair Luimnigh
Music Generation Chontae Luimnigh
Music Generation an Chláir

## SOLÁTHAR OIDEACHAIS SA PHRÍOSÚIN

Ionad Oideachais, Príosún Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach

# Gluais Giorrúchán

| | |
|---|---|
| TTOA | An Tionscnamh um Threoir san Oideachas Aosach |
| CTIC | An Ciste Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe |
| TFO | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| MRB | Measúnú Rangbhunaithe |
| PF | Príomhfheidhmeannach |
| CP | Coláiste Pobail |
| CCTE | An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha |
| CBO | Coláiste Breisoideachais |
| LGGS | Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána |
| IL | Imlitir |
| SNP | Scoileanna Náisiúnta Pobail |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RGFCS | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| TA | Teagmhálaí Ainmnithe |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ITLM | Iarraidh agus Tuairisciú ar Leithdháileadh Maoinithe |
| BOAO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| GFGS | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána |
| S&S | Sláinte agus Sábháilteacht |
| MT | Measúnú Tosaigh |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| FET | Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir |
| CCBS | Creat Cáilíochta 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne' |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| CFÁ | Cuideachta Forbartha Áitiúil |
| PEPÁ | Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil |
| PSIB | Plean Soláthair Ilbhliantúil |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| FSRLI | Fóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Iarthair |

| | |
|---|---|
| NALA | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| nZEB | Caighdeán Foirgneamh nach mór Nialasach ó thaobh Fuinnimh de |
| IBOAOA | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Allamuigh |
| OSR | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| TFE | An Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| FG | Forbairt Ghairmiúil |
| CSF | Comhaontú Soláthair Feidhmíochta |
| PDST | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| IAT | Iar-Ardteistiméireacht |
| CTFC | Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| CLS | Comhaontú Seirbhíse |
| FBS | Foireann Bainistíochta Sinsearaí |
| CFS | Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| FMS | Féinmheastóireacht Scoile |
| STEAM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic |
| STEM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TBCTE | Teagasc Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ARO | Anailís ar Riachtanais Oiliúna |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| TFF | Timpeallacht Fhíorúil Foghlama |
| CGO | Coiste Gairmoideachais |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| MSU | Meastóireacht Scoile Uile |

# Notaí


Gaelcholáiste an Chláir
Ennis Community College




Príomhoifig
Teach Marshal, Bóthar Tuar an Daill,
Luimneach, V94 HAC4

*Head Office*
*Marshal House, Dooradoyle Road,*
*Limerick, V94 HAC4*

Oifig na hInse
Bóthar an Stáisiúin, Inis,
Co. an Chláir, V95 D32F

*Ennis Office*
*Station Road, Ennis,*
*Co. Clare, V95 D32F*

Príomhfheidhmeannach
*Chief Executive*
George O'Callaghan

info@lcetb.ie
**www.lcetb.ie**

Bord Oideachais & Oiliúna
**LUIMNIGH & AN CHLÁIR**

**LIMERICK & CLARE**
Education & Training Board